C/2026/6050

18.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12636 — FINCANTIERI / NEXTGEO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6050)

1. An 6 Samhain 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Fincantieri S.p.A. ('Fincantieri', an Iodáil), faoi rialú deiridh Aireacht Geilleagair agus Airgeadais na hIodáile,

— Next Geosolutions Europe S.p.A. ('NG', an Iodáil), faoi rialú Marnavi S.p.A. (an Iodáil).

Gheobhaidh Fincantieri rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar NG ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Fincantieri gníomhach ar fud an domhain sna hearnálacha longthógála ardteicneolaíochta,

— Tá NG gníomhach in earnáil na suirbhéanna faoi uisce agus na seirbhísí geo-eolaíochta muirí, agus tacaíonn sé le gníomhaíochtaí innealtóireachta, tógála, agus cigireachta, cothabhála agus deisiúcháin le haghaidh bonneagar amach ón gcósta (idirnascairí, feirmeacha gaoithe, agus bonneagar ola agus gáis). Oibríonn sé sa Mheánmhuir, san Aigéan Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh, i.e. laistigh de réigiún na hEorpa, an Mheánoirthir agus na hAfraice go príomha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12636 — FINCANTIERI / NEXTGEO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

Europea Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.